



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 24.5.2023
COM(2023) 621 final

Moladh le haghaidh

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le Clár Náisiúnta na Polainne um Athchóiriú don bhliain 2023 agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár na Polainne um Chóineasú don bhliain 2023

{SWD(2023) 621 final}

Moladh le haghaidh

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le Clár Náisiúnta na Polainne um Athchóiriú don bhliain 2023 agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár na Polainne um Chóineasú don bhliain 2023

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 121(2) agus 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir leis an bhfaireachas ar riochtaí buiséadacha, agus an faireachas ar bheartais eacnamaíocha agus a gcomhordú, a neartú¹, agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tháinig Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle,² lenar bunaíodh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, i bhfeidhm an 19 Feabhra 2021. Is rud í an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a sholáthraíonn tacaíocht airgeadais do na Ballstáit chun athchóirithe agus infheistíochtaí a chur chun feidhme, ionas gurb é atá i gceist léi spreagadh airgeadais atá maoinithe ag an Aontas. I gcomhréir le tosaíochtaí an tSeimeastair Eorpaigh, cuidíonn sí leis an téarnamh eacnamaíoch agus sóisialta, agus le hathchóirithe agus infheistíochtaí inbhuanaithe a chur chun feidhme, go háirithe chun an t-aistriú glas agus digiteach a chur chun cinn agus chun cur le hathléimneacht gheilleagair na mBallstát. Cuidíonn sí freisin ó thaobh an t-airgeadas poiblí a neartú agus borradh a chur faoin bhfás agus faoin gcruthú post sa mheántearma agus san fhadtéarma, ó thaobh an comhtháthú críochach a fheabhsú laistigh den Aontas agus ó thaobh tacú le cur chun feidhme leanúnach Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Rinneadh an ranníocaíocht airgeadais uasta in aghaidh an Bhallstáit faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a thabhairt cothrom le dáta an 30 Meitheamh 2022, i gcomhréir le hAirteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2021/241.

¹ IO L 209, 2.8.1997, lch. 1.

² Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17).

- (2) An 22 Samhain 2022, ghlac an Coimisiún Suirbhé Bliantúil 2023 don Fhás Inbhuanaithe,³ rud a chuir tús le Seimeastar Eorpach 2023 le haghaidh chomhordú an bheartais eacnamaíoch. An 23 Márta 2023, d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach tosaíochtaí an tsuirbhé, tosaíochtaí atá dírithe ar na ceithre ghné den inbhuanaitheacht iomaíoch. An 22 Samhain 2022, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, ghlac an Coimisiún freisin Tuarascáil 2023 maidir leis an Sásra Foláirimh, ar tuarascáil nár sainathnódh inti go bhfuil an Pholainn ar cheann de na Ballstáit a bhféadfadh míchothromaíochtaí a bheith ag baint di, nó a d'fhéadfadh a bheith i mbaol míchothromaíochtaí, agus a mbeadh grinn-athbhreithniú ag teastáil ina leith. Ghlac an Coimisiún moladh freisin le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, moladh a ghlac an Chomhairle an 16 Bealtaine 2023, chomh maith leis an togra le haghaidh Thuarascáil Chomhpháirteach 2023 ar Fhostaíocht ina ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirilínte do Bheartas Fostaíochta agus phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, togra a ghlac an Chomhairle an 13 Márta 2023.
- (3) Cé go bhfuil athléimneacht shuntasach á léiriú ag geilleagair an Aontais, tá drochthionchar ag an gcomhthéacs geopholaitiúil orthu fós. Agus an tAontas ag seasamh go daingean leis an Úcráin, tá clár oibre beartais eacnamaíoch agus shóisialta an Aontais dírithe sa ghearrthéarma ar dhrochthionchar na suaití fuinnimh a laghdú, i gcás teaghlaigh leochaileacha agus cuideachtaí leochaileacha araon, agus ar iarrachtaí a choinneáil ar bun chun an t-aistriú glas agus digiteach a bhaint amach sa mheántearma, sin agus tacaíocht a thabhairt don fhás inbhuanaithe cuimsitheach, an chobhsaíocht mhaicreacnamaíoch a chosaint agus an athléimneacht a mhéadú. Tá sé dírithe go láidir freisin ar iomaíochas agus táirgiúlacht an Aontais a mhéadú.
- (4) An 1 Feabhra 2023, d'eisigh an Coimisiún Teachtaireacht maidir le '*Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais don Ré Ghlan-Nialasach*'⁴ chun borradh a chur faoi iomaíochas thionscal glan-nialasachta an Aontais agus chun tacú leis an aistriú tapa chuig an aeráidneodracht. Is comhlánú é an plean ar na hiarrachtaí atá ar siúl faoin gComhaontú Glas don Eoraip agus faoi REPowerEU. Is é is aidhm don phlean timpeallacht níos tacúla a sholáthar chun acmhainneacht monaraíochta an Aontais a mhéadú i dtaca leis na teicneolaíochtaí glan-nialasachta agus leis na táirgí glan-nialasachta a bhfuil gá leo chun spriocanna uailmhianacha aeráide an Aontais a bhaint amach, agus chun an rochtain a áirithiú ar amhábhair chriticiúla ábhartha, lena n-áirítear é sin a dhéanamh tríd an bhfoinsiú a éagsúlú, trí shaothrú cuí a dhéanamh ar acmhainní geolaíocha sna Ballstáit agus trí athchúrsáil na n-amhábhair a uasmhéadú. Is ar cheithre cholún atá an plean bunaithe: timpeallacht rialála intuartha agus shimplithe, rochtain ar mhaoiniú a bhrostú, scileanna a fheabhsú, agus trádáil oscailte do shlabhraí soláthair athléimneacha. An 16 Márta 2023, d'eisigh an Coimisiún freisin an Teachtaireacht dar teideal '*Iomaíochas fadtéarmach an Aontais: níos faide ar aghaidh ná 2030*'⁵ teachtaireacht a leagadh amach de réir naoi spreagadh a threisiúnn a chéile ar mhaithe le hoibriú i dtreo creat rialála lena bhfeabhsófaí an fás. Sa Teachtaireacht, leagtar amach tosaíochtaí beartais arb é is aidhm dóibh feabhsuithe struchtúracha, infheistíochtaí dea-dhírithe agus bearta rialála a áirithiú le haghaidh iomaíochas fadtéarmach an Aontais agus a Bhallstát. Cuidíonn na moltaí thíos ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na tosaíochtaí sin.

³ COM(2022) 780 final.

⁴ COM(2023) 62 final.

⁵ COM(2023) 168 final.

- (5) In 2023, tá an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch fós ag forbairt i gcomhréir le cur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta. Tá cur chun feidhme iomlán na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta fós riachtanach chun go mbainfear amach na tosaíochtaí beartais faoin Seimeastar Eorpach, ós rud é go dtugann na pleananna aghaidh ar iomlán na moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh le blianta beaga anuas, nó ar fhothacar nach beag díobh. Tá moltaí tírshonracha 2019, 2020 agus 2022 fós chomh hábhartha céanna maidir le pleananna téarnaimh agus athléimneachta arna n-athbhreithniú, arna dtabhairt cothrom le dáta nó arna leasú i gcomhréir le hAirteagail 14, 18 agus 21 de Rialachán (AE) 2021/241.
- (6) Is é is aidhm do Rialachán REPowerEU⁶ arna ghlacadh an 27 Feabhra 2023, deireadh a chur go tapa le spleáchas an Aontais ar allmhairí breosla iontaise ón Rúis. Cuirfidh sé sin leis an tslándáil fuinnimh agus le héagsúlacht sholáthar fuinnimh an Aontais, agus ag an am céanna, méadóidh sé acmhainneachtaí stórála, an éifeachtúlacht fuinnimh, agus glacadh na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh. Leis an Rialachán sin, cuirtear ar chumas na mBallstát caibidil nua REPowerEU a chur lena bplean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta chun go maoinéofar athchóirithe agus infheistíochtaí tábhachtacha a chuideoidh le cuspóirí REPowerEU a bhaint amach. Ina theannta sin, cuideoidh na hathchóirithe agus na hinfeistíochtaí céanna ó thaobh borradh a chur faoi iomaíochas thionscal glan-nialasachta an Aontais mar a leagtar amach i bPlean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais don Ré Glan-Nialasach, agus rachaidh siad i ngleic leis na moltaí tírshonracha a bhaineann le fuinneamh arna n-eisiúint chuig na Ballstáit in 2022 agus, i gcás inarb infheidhme, in 2023. Le Rialachán REPowerEU, tugtar isteach catagóir nua de thacaíocht airgeadais neamh-in-aisíochta, atá á cur ar fáil do na Ballstáit chun athchóirithe agus infheistíochtaí nua a bhaineann le fuinneamh a mhaoiniú faoina bplean téarnaimh agus athléimneachta.
- (7) An 8 Márta 2023 ghlac an Coimisiún Teachtaireacht lena gcuirtear treoraíocht ar fáil maidir leis an mbeartas fioscach don bhliain 2024. Is é is aidhm di tacú le hullmhú chláir na mBallstáit um chobhsaíocht agus um chóineasú, agus an comhordú beartais a neartú ar an gcaoi sin.⁷ Thug sé chun cuimhne go ndéanfar clásal éalaithe ginearálta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a dhíghníomhachtú i ndeireadh 2023. D'éiligh an Coimisiún go mbeadh beartais fhioscacha ann in 2023-2024 a d'áiritheodh an inbhuanaitheacht fiachais sa mheántearma agus a mhéadóidh an acmhainneacht fáis ar bhealach inbhuanaithe chomh maith. Iarradh ar na Ballstáit a leagan amach ina gclár um chobhsaíocht agus um chóineasú don bhliain 2023 conas a áiritheoidh a bplean fioscach go n-urramófar luach tagartha an easnaimh, is é sin 3 % de OTI, chomh maith le laghdú inchreidte leanúnach an fhiachais, sin nó conas a choinneofar an fiachas ar leibhéal stuama sa mheántearma. D'iarr an Coimisiún ar na Ballstáit deireadh a chur de réir a chéile le beartais fhioscacha náisiúnta a tugadh isteach chun teaghlaigh agus gnólachtaí a chosaint ar shuaitheadh na bpraghsanna fuinnimh, agus deireadh a chur ar dtús leis na beartais is lú a spriocdhíródh. Thug sé le fios gur cheart do na Ballstáit, dá mba rud é gur ghá síneadh a chur le bearta tacaíochta mar gheall ar bhrú a bheith ann an athuair ó thaobh praghsanna fuinnimh de, gur cheart dóibh na bearta sin a spriocdhíriú ar theaghlaigh leochaileacha agus ar ghnólachtaí leochaileacha ar

⁶ Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) 2021/1060 agus (AE) 2021/1755 agus Treoir 2003/87/CE (IO L 63, 28.2.2023, lch. 1).

⁷ COM(2023) 141 final.

bhealach i bhfad níos fearr ná mar a rinneadh roimhe seo. Mhol an Coimisiún go ndéanfaí moltaí fioscacha a chainníochtú agus a dhifreáil, agus go ndéanfaí iad a fhoirmliú ar bhonn an ghlanhaiteachais phríomhúil, mar a mholtar ina Theachtaireacht ón gCoimisiún maidir le treoirlínte le haghaidh athchóiriú ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais Eorpaigh.⁸ Mhol sé gur cheart do na Ballstáit uile leanúint ar aghaidh ag cosaint na hinfheistíochta a mhaoinítear go náisiúnta agus a áirithiú go n-úsáidfear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus cistí eile an Aontais go héifeachtach, go háirithe i bhfianaise an aistrithe ghlais agus dhigitigh agus na gcuspóirí athléimneachta. Thug an Coimisiún le fios go molfadh sé don Chomhairle tús a chur, in earrach na bliana 2024, leis na nósanna imeachta um easnamh iomarcach atá bunaithe ar easnaimh, ar bhonn na sonraí olltoraidh maidir le 2023, i gcomhréir leis na forálacha dlíthiúla atá ann faoi láthair.

- (8) An 26 Aibreán 2023, chuir an Coimisiún tograí reachtacha i láthair chun athchóiriú cuimsitheach ar rialacha rialachais eacnamaíoch an Aontais a chur chun feidhme. Is é is príomhchuspóir do na tograí inbhuanaitheacht an fhiachais phoiblí a neartú agus fás inbhuanaithe agus cuimsitheach a chur chun cinn sna Ballstáit uile trí athchóirithe agus trí infheistíocht. Is é is aidhm do na tograí níos mó smachta a thabhairt do na Ballstáit ar dheardh a bpleananna meántéarmacha, agus san am céanna cuirtear córas forfheidhmiúcháin níos déine i bhfeidhm leo freisin chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh na Ballstáit na gealltanais a thugann siad ina bpleananna meántéarmacha struchtúracha fioscacha. Is é an cuspóir an obair reachtach a thabhairt i gcrích in 2023.
- (9) An 3 Bealtaine 2021, chuir an Pholainn a plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 18(1) de Rialachán (AE) 2021/241. De bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/241, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta, i gcomhréir leis na treoirlínte measúnaithe in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin. An 17 Meitheamh 2022, ghlac an Chomhairle cinneadh maidir le formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta le haghaidh na Polainne⁹. Tá scaoileadh na dtráthchodanna ag brath ar chinneadh ón gCoimisiún, arna dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 24(5) de Rialachán (AE) 2021/241, go bhfuil na clocha míle agus na spriocanna ábhartha a leagtar amach sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle comhlíonta go sásúil ag an bPolainn. Tuigtear gurb é atá i gceist le comhlíonadh sásúil, nach ndeachthas siar ar ghnóthú na gcloch míle agus na spriocanna a ghnóthaíodh roimhe sin.
- (10) An 27 Aibreán 2023, thíolaic an Pholainn a Clár Náisiúnta um Athchóiriú don bhliain 2023 agus a Clár um Chóineasú don bhliain 2023, i gcomhréir le hAirteagal 8(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97. Chun na naisc atá eatarthu a chur san áireamh, rinneadh measúnú ar an dá chlár le chéile. I gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) 2021/241, is léiriú é an Clár Náisiúnta um Athchóiriú don bhliain 2023 ar thuairisciú leathbhliantúil na Polainne maidir leis an dul chun cinn atá déanta ó thaobh a plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach.

⁸ COM(2022) 583 final.

⁹ Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 17 Iúil 2022 maidir le formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Pholainn (ST 9728/22; 9728/22 ADD 1).

- (11) D'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2023 don Pholainn¹⁰ an 24 Bealtaine 2023. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar dhul chun cinn na Polainne ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha ábhartha a ghlac an Chomhairle idir 2019 agus 2022, agus measadh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Polainne. Ar bhonn na hanailíse sin, léiríodh sa tuarascáil tíre na bearnaí atá ann i ndáil leis na dúshláin nár tugadh aghaidh orthu sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, sin nó nár tugadh aghaidh orthu ach go páirteach, mar aon le dúshláin nua agus dúshláin atá ag teacht chun cinn. Rinneadh measúnú inti freisin ar dhul chun cinn na Polainne ó thaobh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ó thaobh príomhspríocanna an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú na bochtaineachta a bhaint amach, sin agus ar an dul chun cinn i dtreo Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.
- (12) Bunaithe ar shonraí arna mbailíochtú ag Eurostat,¹¹ tháinig méadú ar easnamh ginearálta rialtas na Polainne ó 1.8 % de OTI in 2021 go 3.7 % in 2022, agus thit fiachas ginearálta an rialtais ó 53.6 % de OTI ag deireadh 2021 go 49.1 % ag deireadh 2022. An 24 Bealtaine 2023, d'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil faoi Airteagal 126(3) CFAE¹²; rinneadh plé sa tuarascáil sin ar staid bhuiséadach na Polainne, ós rud é gur sháraigh fiachas ginearálta an rialtais in 2022 luach tagartha an Chonartha maidir le OTI, 3 % agus nár urramaíodh an tagarmharc maidir le fiachas a laghdú. Thángthas ar an gconclúid sa tuarascáil nár comhlíonadh an critéar fiachais. I gcomhréir lena Theachtaireacht an 8 Márta 2023¹³, níor mhol an Coimisiún nósanna imeachta nua um easnamh iomarcach a thionscnamh in earrach na bliana 2023; ach luaigh an Coimisiún go molfadh sé don Chomhairle tús a chur, in earrach na bliana 2024, leis na nósanna imeachta um easnamh iomarcach atá bunaithe ar easnaimh, ar bhonn na sonraí olltoraidh maidir le 2023. Ba cheart don Pholainn é sin a chur san áireamh i bhfeidhmiú ina buiséad do 2023 agus a buiséad do 2024 á ullmhú aici.
- (13) Na bearta beartais fhioscaigh a glacadh chun tionchar eacnamaíoch agus sóisialta an mhéadaithe ar phraghsanna fuinnimh a mhaolú, bhí tionchar acu ar chomhardú ginearálta an rialtais. In 2022, áiríodh i mbearta laghdaithe ioncaim den sórt sin laghdú ar rátaí CBL agus ar dhleachtanna máil ar fhuinneamh agus breoslaí; agus áiríodh leis na bearta méadaithe caiteachais sin fóirdheontais airgid agus uasteorainn ar phraghsanna leictreachais do theaghlaigh agus fóirdheontais costas gáis do chuideachtaí. Measann an Coimisiún gurb é glanchostas buiséadach na mbeart sin 1.9 % de OTI in 2022. Bhí tionchar ar chomhardú ginearálta an rialtais freisin ag costas buiséadach na cosanta sealadaí ar dhaoine easáitithe as an Úcráin, agus meastar gur 0.5 % de OTI in 2022 atá ann. An tráth céanna, laghdaíodh costas measta na mbeart éigeandála sealadacha COVID-19 ó 2.4 % de OTI in 2021 go dtí 0.7 % de OTI in 2022.
- (14) An 18 Meitheamh 2021, mhol an Chomhairle go gcoinneodh an Pholainn¹⁴ staid fhioscach atá tacúil in 2022, lena n-áirítear an spreagadh a cuireadh ar fáil leis an

¹⁰ SWD(2023) 621 final.

¹¹ Táscaire Euro Eurostat, 47/2023, 21.4.2023.

¹² COM(2023) 631 final, 24.5.2023.

¹³ COM(2023) 141 final, 8.3.2023.

¹⁴ Moladh ón gComhairle an 18 Meitheamh 2021 inar tugadh tuairim ón gComhairle maidir le Clár 2021 na Polainne um Chóineasú, IO C 304, 29.7.2021, lch. 98.

tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, agus go gcaomhnódh sí infheistíocht a mhaoiniú go náisiúnta.

- (15) De réir mheastacháin an Choimisiúin, bhí staid fhioscach¹⁵ thacúil ann in 2022, ag 3.0 % den OTI, mar a mhol an Chomhairle. Mar a mhol an Chomhairle, lean an Pholainn de thacaíocht a thabhairt don téarnamh trí infheistíochtaí a mhaoineofar leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. 1.0 % de OTI in 2022 a bhí i gcaiteachas arna mhaoiniú ag deontais na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta agus deontais AE eile (1.3 % de OTI in 2021). Chuir infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta rannchuidiú crapthach 0.2 pointe céatadán leis an staid fhioscach ar fáil¹⁶. Dá bhrí sin, chaomhnaigh an Pholainn infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta, mar a mhol an Chomhairle. An tráth céanna, sholáthar an méadú ar chaiteachas reatha príomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta (glan ar bhearta nua ioncaim) rannchuidiú fairsingiúcháin dar méid 2.3 pointe céatadán don staid fhioscach. Áirítear leis an rannchuidiú fairsingiúcháin mór sin tionchar breise na mbeart chun aghaidh a thabhairt ar thionchar eacnamaíoch agus sóisialta an mhéadaithe ar phraghsanna fuinnimh (glanchostas buiséadach de 1.9 % de OTI sa bhreis) chomh maith leis na costais a bhaineann le cosaint shealadach a thabhairt do dhaoine easáitithe ón Úcráin (0.5 % den OTI). Dá bhrí sin, choinnigh an Pholainn smacht leordhóthanach ar an bhfás ar chaiteachas reatha arna mhaoiniú go náisiúnta.
- (16) Tá an cás maicreacnamaíoch atá mar bhonn taca leis na réamh-mheastacháin bhuiséadacha sa Chlár um Chóineasú réalaióch in 2023 agus ina dhiaidh sin. Tá sé tuartha ag an rialtas go méadóidh fíor-OTI faoi 0.9 % in 2023 agus 2.8 % in 2024. I gcomparáid leis sin, tuartar i réamhaisnéis earraigh 2023 ón gCoimisiún go dtiocfaidh fás iarbhír OTI beagán níos ísle de 0.7 % in 2023 agus 2.7 % in 2024, de bharr rannchuidiú measta níos ísle ó éileamh intíre den chuid is mó.
- (17) Ina Chlár um Chóineasú 2023, tá an rialtas ag súil go dtiocfaidh méadú ar an easnamh rialtais ghinearálta go 4.7 % de OTI in 2023. Is léiriú é an méadú in 2023 den chuid is mó ar chaiteachas méadaithe ar chosaint, ar shláinte, ar phá na hearnála poiblí agus ar innéacsú pinsean, agus meastar go mbeidh costais na mbeart chun tionchar eacnamaíoch agus sóisialta an mhéadaithe ar phraghsanna fuinnimh a mhaolú fós ard. De réir an Chláir, meastar go dtiocfaidh méadú ar chóimheas ollfhiachais rialtais–OTI, ó 49.1 % ag deireadh 2022 go dtí 50.5 % ag deireadh 2023. I réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún, tuartar gur 5.0 % de OTI a bheidh san easnamh rialtais in 2023. Tá sé sin níos airde ná an t-easnamh atá tuartha sa Chlár um Chóineasú, go príomha mar gheall ar bhearta lena gcuirtear cabhair urghnách ar fáil d'fheirmeoirí nár sonraíodh go fóill sa Chlár. I réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún, tuartar go mbeidh cóimheas ollfhiachais rialtais–OTI den leibhéal céanna (50.5 %) ann ag deireadh 2023.
- (18) Na bearta beartais fhioscaigh a glacadh chun tionchar eacnamaíoch agus sóisialta an mhéadaithe ar phraghsanna fuinnimh a mhaolú, meastar go mbeidh tionchar acu i

¹⁵ Déantar an staid fhioscach a thomhas tríd an athrú ar chaiteachas príomhúil (glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim), cé is moite de bhearta sealadacha éigeandála a bhaineann le géarchéim COVID-19 ach lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú ag tacaíocht neamh-inaisíochta (deontais) ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus cistí eile de chuid an Aontais, i gcoibhneas le hacmhainneacht fáis mheántearmaigh. Tá tuilleadh sonraí ar fáil i mBosca 1 sna Táblaí Staidrimh Fhioscaigh.

¹⁶ Sholáthair caiteachas caipitil eile arna mhaoiniú go náisiúnta rannchuidiú fairsingiúcháin de 0.8 pointe céatadán de OTI, rud a léiríonn den chuid is mó tacaíocht rialtais le hinstiúidí airgeadais.

gcónaí ar chomhardú an rialtais in 2023. Is éard atá iontu den chuid is mó bearta nua amhail scéimeanna chun praghsanna a choinneáil mar atá i gcás leictreachais agus gáis agus fóirdheontais do tháirgeoirí fuinnimh agus do thionscail dianfhuinnimh. Déantar costas na mbeart sin a fhritháireamh go páirteach le cánacha ar bhrabúis amhantair na soláthraithe fuinnimh, mar atá tobhaigh ar tháirgeoirí gáis agus leictreachais. Agus na hioncaim sin á gcur san áireamh, tuartar glanchostas buiséadach na mbeart tacaíochta i réamhaisnéis earraigh 2023 an Choimisiúin ag 1.7 % de OTI in 2023¹⁷. De réir dealraimh, níl formhór na mbeart in 2023 dírithe ar na teaghlaigh ná ar na gnólachtaí is leochailí, ná ní chaomhnaíonn siad an comhartha praghais go hiomlán chun an t-éileamh fuinnimh a laghdú agus an éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú. Mar thoradh air sin, meastar gurb é 0.2 % de OTI in 2023 méid na mbeart tacaíochta spriocdhírithe, atá le cur san áireamh sa mheasúnú ar chomhlíonadh an mholta fhioscaigh do 2023, i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún (i gcomparáid le 0.1 % de OTI in 2022). Réamh-mheastar go dtiocfaidh laghdú 0.2 pointe céatadán de OTI ar chostas buiséadach na cosanta sealadaí do dhaoine easáitithe ón Úcráin, i gcomparáid le 2022. Ar deireadh, meastar go mbainfidh comhardú rialtais 2023 tairbhe as deireadh a chur de réir a chéile le bearta éigeandála sealadacha COVID-19, arb ionann an tairbhe sin agus 0.7 % de OTI.

- (19) An 12 Iúil 2022, mhol an Chomhairle¹⁸ go ndéanfaidh an Pholainn gníomhaíocht chun a áirithiú go mbeidh fás an chaiteachais reatha phríomha a mhaoinítear go náisiúnta i gcomhréir le seasamh foriomlán neodrach beartais¹⁹ in 2023, agus tacaíocht leanúnach shealadach spriocdhírithe á cur san áireamh le haghaidh na dteaghlach agus na ngnólachtaí is leochailí i dtaobh méaduithe ar phraghsanna fuinnimh agus le haghaidh daoine atá ag teitheadh ón Úcráin. Ba cheart don Pholainn a bheith ar tinneall chun an caiteachas reatha a chur in oiriúint don staid atá ag síorathrú. Moladh don Pholainn freisin cur le hinfheistíocht phoiblí le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh, agus le haghaidh na slándála fuinnimh, agus tionscnamh REPowerEU á chur san áireamh, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí leas a bhaint as an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus as cistí eile de chuid an Aontais.
- (20) In 2023, réamh-mheastar i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún go mbeidh staid fhioscach fairsingiúcháin de -0.8 % de OTI ann, i gcomhthéacs boillscithe aird. Tagann sé sin i ndiaidh staid fhioscach fairsingiúcháin a bheith ann in 2022 (- 3,0 % de OTI). Réamh-mheastar go soláthróidh an fás ar chaiteachas reatha príomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta (glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim) in 2023 rannchuidiú fairsingiúcháin dar méid 0.8 % de OTI don staid fhioscach. Áirítear leis sin costas méadaithe na mbeart tacaíochta spriocdhírithe do na teaghlaigh agus na gnólachtaí is leochailí ó thaobh ardú praghsanna fuinnimh, arb é 0.1 % de OTI. Áirítear leis sin freisin costais níos ísle chun cosaint shealadach a thabhairt do dhaoine easáitithe ón Úcráin (0.2 % den OTI). Dá bhrí sin, ní hí an tacaíocht spriocdhírithe a thugtar do na teaghlaigh agus na gnólachtaí is leochailí ó thaobh ardú praghsanna fuinnimh ná do dhaoine atá ag teitheadh ón Úcráin is cúis le rannchuidiú fairsingiúcháin an

¹⁷ Léiríonn an figiúr leibhéal costais buiséadach bliantúil na mbeart sin, lena n-áirítear ioncam agus caiteachas reatha chomh maith le – i gcás inarb ábhartha – bearta caiteachais chaipitil.

¹⁸ Moladh ón gComhairle an 12 Iúil 2022 maidir le Clár Náisiúnta na Polainne um Athchóiriú don bhliain 2022 agus ina dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár na Polainne um Chóineasú don bhliain 2022, *IO C 334*, 1.9.2022, *lch. 171*.

¹⁹ Ar bhonn réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún, meastar gur 15,5 %, i dtéarmaí ainmniúla, a bheidh san fhás aschuir féideartha meántéarmach a dhéanfaidh an Pholainn (meán 10 mbliana), céatadán a úsáidtear chun an staid fhioscach a thomhas.

ghlanchaiteachais phríomha reatha a mhaoinítear go náisiúnta. Is iad bearta fuinnimh neamhspríodhíthe, caiteachas níos airde ar chosaint agus ar shláinte chomh maith le méaduithe buana ar phá na hearnála poiblí agus ar shochair shóisialta, is cúis leis an rannchuidiú fairsingiúcháin an chaiteachas phríomha reatha a mhaoinítear go náisiúnta. Dá bhrí sin, níl fás réamh-mheasta an chaiteachais phríomha reatha arna mhaoiniú go náisiúnta i gcomhréir leis an moladh ón gComhairle. Meastar gurb ionann an caiteachas a mhaoinítear le deontais ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus cistí eile de chuid an Aontais agus 1.8 % de OTI in 2023, agus meastar go soláthróidh infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta rannchuidiú fairsingiúcháin 0.2 pointe céatadán leis an staid fhioscach²⁰. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe ag an bPolainn infheistíocht bhreise a mhaoiniú tríd an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus trí chistí eile de chuid an Aontais, agus réamh-mheastar nach gcaomhnóidh an Pholainn infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta. Tá sé beartaithe aici infheistíocht phoiblí a mhaoiniú le haghaidh na n-aistrithe glasa agus digiteacha, agus le haghaidh na slándála fuinnimh, i réimsí amhail éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh, cumhacht gaoithe ar tír agus amach ón gcósta, stóráil fuinnimh, nuachóiriú eangacha, giniúint hidrigine agus soghluaisteacht inbhuanaithe, arna gcistiú ag an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus ag cistí eile de chuid an Aontais.

- (21) De réir an Chláir um Chóineasú, meastar go laghdóidh easnamh ginearálta an rialtais go 3.4 % de OTI in 2024. Is léiriú é an laghdú in 2024 den chuid is mó ar tharraingt siar na mbeart tacaíochta a bhaineann leis an ngéarchéim fuinnimh. De réir an chláir, meastar go dtiocfaidh méadú ar chóimheas ollfhiachais rialtais–OTI, go dtí 52.4 % ag deireadh 2024. Bunaithe ar bhearta beartais atá aitheanta ag dáta scoir na réamhaisnéise, réamh-mheastar i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún easnamh rialtais 3.7 % de OTI in 2024. Tá sé sin níos airde ná an t-easnamh atá tuartha sa chlár, go príomha mar gheall ar bhearta nár sonraíodh go fóill sa Chlár. I réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún, tuartar go mbeidh cóimheas ollfhiachais rialtais–OTI den leibhéal céanna (53.0 %) ann ag deireadh 2024.
- (22) Beartaítear leis an gClár um Chóineasú go gcuirfear deireadh de réir a chéile le formhór na mbeart tacaíochta fuinnimh in 2024. Tá an Coimisiún ag glacadh leis faoi láthair gurb ionann glanchostas na mbeart tacaíochta fuinnimh agus 0.3 % de OTI in 2024. Tá sé sin ag brath ar an toimhde nach dtiocfaidh méadú arís ar phraghsanna fuinnimh. De réir dealraimh, níl formhór na mbeart tacaíochta fuinnimh atá beartaithe le fanacht i bhfeidhm in 2024 spriodhíthe ar theaghlaigh ná ar ghnólachtaí leochaileacha, ná ní chaomhnaíonn siad an comhartha praghaís go hiomlán chun an t-éileamh fuinnimh a laghdú agus an éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú.
- (23) Éilítear le Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle go ndéanfaí feabhas bliantúil ar chomhardú struchtúrach an bhuiséid i dtreo an chuspóra mheántearmaigh 0.5 % den OTI mar thagarmharc²¹. Agus aird á tabhairt ar cheisteanna maidir le hinbhuanaitheacht fhioscach²² agus ar an ngá atá leis an easnamh a laghdú go dtí faoi

²⁰ Tuartar go soláthróidh caiteachas caipitil eile a mhaoinítear go náisiúnta rannchuidiú crapthach de 0.6 pointe céatadán OTI, rud a léiríonn éifeacht aistarraingthe na tacaíochta rialtais d’institiúidí airgeadais in 2022.

²¹ Cf. Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle, lena gceanglaítear freisin coigeartú níos mó ná 0.5 % de OTI a dhéanamh i gcás Ballstát a bhfuil fiachas rialtais acu ar mó é ná 60 % de OTI, nó a bhfuil rioscaí níos suntasaí acu maidir le hinbhuanaitheacht fiachais.

²² Mheas an Coimisiún go mbeadh meánmhéadú bliantúil ar an gcomhardú príomhúil struchtúrach mar sciar de OTI de 0.4 bpointe céatadán ag teastáil ón bPolainn chun laghdú inchreidte fiachais a bhaint

bhun 3 % de luach tagartha OTI, bheadh sé iomchuí feabhas 0.5 % de OTI ar a laghad a chur ar an gcomhardú struchtúrach do 2024. Chun feabhas den sórt sin a áirithiú, níor cheart go rachadh an fás ar ghlanchaiteachas príomhúil²³ arna mhaoiniú go náisiúnta in 2024 thar 7.8 %, mar a léirítear sa mholadh seo. An tráth céanna, ba cheart deireadh a chur de réir a chéile leis na bearta tacaíochta fuinnimh atá fágtha (arna mheas ag an gCoimisiún faoi láthair ag 1.7 % de OTI in 2023), ag brath ar fhorbairtí sa mhargadh fuinnimh agus ag tosú ó na cinn is lú spriocdhírthe, agus ba cheart na coigiltis ghaolmhara a úsáid chun an t-easnamh rialtais a laghdú. Bunaithe ar mheastacháin ón gCoimisiún, bheadh fás ar ghlanchaiteachas príomhúil níos ísle ná an fás uasta a moladh do 2024 mar thoradh air sin. Ina theannta sin, de réir mheastachán an earraigh 2023 ón gCoimisiún, níl fás réamh-mheasta an ghlanchaiteachais phríomha reatha arna mhaoiniú go náisiúnta in 2023 i gcomhréir leis an moladh ón gComhairle. Dá ndeimhneofaí sin, bheadh fás níos ísle i nglanचाiteachas príomhúil in 2024 iomchuí.

- (24) Má ghactar leis nach dtiocfaidh aon athrú ar bheartais, tá sé réamh-mheasta i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún go dtiocfaidh méadú 5.6 % ar ghlanचाiteachas príomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta in 2024, ráta atá faoi bhun an ráta fáis atá molta. Tá an coigeartú a réamh-mheastar sa réamhaisnéis ón gCoimisiún níos lú ná an coigilteas ó chéimniú amach iomlán na mbeart tacaíochta fuinnimh, ós rud é go meastar go bhfanfaidh cuid de na bearta tacaíochta fuinnimh i bhfeidhm in 2024.
- (25) De réir an chláir, meastar go mbeidh infheistíocht an rialtais cobhsaí ag 4.2 % de OTI in 2024, cosúil leis an leibhéal in 2023. Tagraíonn an clár d'athchóirithe agus d'infheistíochtaí, a mheastar a rannchuideoidh siad le hinbhuanaitheacht fhioscach agus le fás inbhuanaithe agus cuimsitheach. Áirítear orthu sin athchóirithe ar an gcreat fioscach, atá mar chuid den Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta freisin.
- (26) Leagtar amach sa Chlár um Chóineasú conair fhioscach mheántéarmach go dtí 2026. De réir an chláir, meastar go laghdóidh easnamh ginearálta an rialtais go 2.9 % de OTI in 2025, agus go bhfanfaidh sé ar an leibhéal sin in 2026. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe go rachaidh easnamh ginearálta an rialtais faoi bhun 3 % de OTI in 2025. De réir an chláir, meastar go dtiocfaidh méadú ar chóimheas ollfhiachais rialtais–OTI, ó 52.4 % ag deireadh 2024 go dtí 55.4 % ag deireadh 2026.
- (27) Tá scóip shuntasach fós ann chun éifeachtúlacht an chaiteachais phoiblí ar shochair shóisialta a mhéadú. Tá sochair shóisialta fós neamh-spriocdhírthe den chuid is mó agus gan tástáil acmhainne ar leibhéal an teaghlaigh. Déanann teaghlaigh ardioncaim cuid mhór den chaiteachas poiblí a ghabháil, ós rud é go bhfaigheann an 20 % is saibhre de na Polannaigh an sciar céanna d'aistrithe airgid phoiblí leis an 20 % is boichte. Dá ndéanfaí tairbhí a spriocdhíriú ar bhealach níos fearr, d'fhéadfaí úsáid níos éifeachtúla a bhaint as acmhainní poiblí chun an bhochtaineacht a chomhrac agus chun tacú leo siúd is mó atá i ngátar.

amach nó chun a áirithiú go gcoinneofar fiachas rialtais ar leibhéal stuama sa mheántearma. Bhí an meastachán sin bunaithe ar réamhaisnéis fhómhar 2022 ón gCoimisiún. Ba é túsphointe an mheastacháin sin an t-easnamh agus an fiachas rialtais réamh-mheasta do 2024 ina ndearnadh talamh slán de go dtarraingeofaí siar bearta tacaíochta fuinnimh in 2024.

²³ Sainmhínítear glanचाiteachas príomha mar chaiteachas a mhaoinítear go náisiúnta agus atá glan ó bhearta lánroghnacha ioncaim agus gan caiteachas úis mar aon le caiteachas timthriallach dífhostaíochta a áireamh.

- (28) Is dúshláin do chóras pinsin na Polainne é an daonra atá ag dul in aois go tapa. Glactar leis sa chóras pinsin atá ann faoi láthair go mbeidh aois scoir ann nach n-ardóidh fiú de réir mar a leanann an meánionchas saoil agus na blianta a chaitear ar scor ag ardú. Leis an gcóras ranníocaíochtaí sainithe atá ann faoi láthair, déantar an córas a chothromú ó thaobh airgeadais de ach thioctadh laghdú mór ar shochair phinsin amach anseo i dtaca leis an tuarastal deiridh. Chiallóidh sé sin go mbeadh cuid mhór de phinsinéirí i mbaol bochtaineachta. Léiríonn anailís an Choimisiúin nach mbeadh ar an bPolainn ach 6,7 % breise dá OTI a chaitheamh faoi 2070 chun leibhéil atá gar do na sochair atá ann faoi láthair a choinneáil. Mar gheall ar athruithe a rinneadh le déanaí ar chóras ginearálta na bpinsean agus ar na córais phinsin speisialta costasacha, tá íocaíochtaí amach pinsin níos flaithiúla do phinsinéirí reatha. Dá bharr sin, tá laghdú tagtha ar na dreasachtaí chun oibriú ar feadh tréimhse níos faide ná an aois scoir measartha íseal, atá socraithe ag 60 bliain do mhná agus 65 bliana d'fhir, agus tá méadú tagtha ar an mbrú caiteachais a bhaineann le haosú.
- (29) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta tacar fairsing athchóirithe agus infheistíochtaí a threisiónn a chéile agus atá le cur chun feidhme faoi 2026. Mar gheall ar a ghlacadh déanach i mí an Mheithimh 2022, tá moill shuntasach ar chur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Polainne. Neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na gcúirteanna a neartú agus cás na mbreithiúna ar a raibh tionchar ag cinntí Dhlísheomra Araíonachta na Cúirte Uachtaraí i gcásanna araíonachta agus i gcásanna díolúine breithiúnaí a réiteach, is réamhchoinníoll iad sin chun go n-íocfaidh an Coimisiún aon íocaíocht leis an tír agus chun cosaint leasanna airgeadais an Aontais a áirithiú, rud a chumasóidh cur chun feidhme pras leanúnach an phlean. Tá tús curtha ag an bPolainn le príomhbhearta in RRP a chur chun feidhme, lena n-áirítear athchóirithe i réimsí an chreata fhioscaigh, an chúraim sláinte, an aistrithe dhigitigh, na héifeachtúlachta fuinnimh agus an mhargaidh saothair. Cé nár chuir an Pholainn aguisín a ghabhann leis an bplean isteach go hoifigiúil ná caibidil REPowerEU, tá plé leanúnach ar siúl leis an gCoimisiún. I gcomhréir le hAirteagal 14(6) de Rialachán (AE) 2021/241, an 31 Márta 2023, chuir an Pholainn in iúl go raibh sé ar intinn aici suas le EUR 23 billiún de thacaíocht iasachta bhreise a iarraidh faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Trí chaibidil nua REPowerEU a thabhairt isteach go tapa i bplean athléimneachta agus téarnaimh, féadfar athchóirithe agus infheistíochtaí breise a mhaoiniú chun tacú le cuspóirí straitéiseacha na Polainne i réimse an fhuinnimh agus an aistrithe ghlais. Ar mhaithe leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme go córasach agus go héifeachtach, sin agus bearta eacnamaíocha agus fostaíochta eile taobh amuigh den phlean, tá sé tábhachtach i gcónaí údarais áitiúla agus réigiúnacha, comhpháirtithe sóisialta agus páirtithe leasmhara ábhartha eile a bheith rannpháirteach ar bhonn córasach, mar aon le cáilíocht fhoriomlán an idirphlé shóisialta, chun a áirithiú go bhfuil freagracht i leith an chláir oibre beartais fhoriomláin roinnte go forleathan.
- (30) D'fhormheas an Coimisiún doiciméid chlársceidealaithe uile na Polainne maidir le beartas comhtháthaithe in 2022. Tá sé ríthábhachtach go rachfar ar aghaidh le cláir an bheartais chomhtháthaithe a chur chun feidhme go tapa sa chaoi gur comhlánú a bheidh iontu ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus go mbeidh sineirge ann idir iad féin agus an plean sin, an chaibidil REPowerEU san áireamh, ionas go ndéanfar an t-aistriú glas agus digiteach a chur i gcrích, go méadófar an athléimneacht eacnamaíoch agus shóisialta, agus go mbeidh forbairt chríochach chothrom ann freisin sa Pholainn.

- (31) Chomh maith leis na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta a dtugtar aghaidh orthu sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, tá roinnt dúshláin bhreise roimh an bPolainn maidir leis an timpeallacht infheistíochta, beartas fuinnimh agus an t-aistriú glas.
- (32) Tá neamhspleáchas, éifeachtúlacht agus cáilíocht an chórais cheartais ríthábhachtach le haghaidh timpeallacht gnó atá cobhsaí agus intuartha chomh maith le timpeallacht infheistíochta atá neamhdhíobhálach don chomhshaol. Tá ról tábhachtach acu sin chun fás eacnamaíoch inbhuanaithe a bhaint amach sa mheántéarma agus san fhadtéarma. Tá dochar á dhéanamh i gcónaí don timpeallacht infheistíochta sa Pholainn mar gheall ar ábhair imní thromchúiseacha a bhaineann leis an dlí, lena n-áirítear neamhspleáchas na mbreithiúna, mar a sainithníodh i rialuithe ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus ón gCúirt Eorpach um Chearta an Duine. Thairis sin, an 15 Feabhra 2023, tharhuir an Coimisiún an Pholainn chuig an gCúirt Bhreithiúnais as sárúithe ar dhlí an Aontais ag Binse Bunreachtúil na Polainne agus a cásdlí, sárúithe a bhfuil tionchar ar leith acu ar dhlí an Aontais Eorpaigh.
- (33) Breoslaí iontaise atá i meascán fuinnimh na Polainne den chuid is mó, agus b'ionann gual agus thart ar 60 % de agus ní raibh i bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite ach 13 % de in 2021. D'éirigh an Pholainn as gás nádúrtha a allmhairiú ón Rúis ó mhí Aibreáin 2022 agus as ola a allmhairiú ó mhí Feabhra 2023. Laghdaíodh an tionchar ar shlándáil sholáthar fuinnimh na tíre de bharr iarrachtaí éagsúlaithe le blianta beaga anuas. Tá an Pholainn ag dícharbónú ar ráta i bhfad níos ísle ná mar atá Ballstáit eile den Aontas. Tá scóip mhór fós ag an bPolainn chun aghaidh a thabhairt ar bhacainní rialála agus riaracháin atá roimh imlonnú na bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite. Tá sé ríthábhachtach giniúint fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a mhéadú chun geilleagar na Polainne a dhícharbónú agus chun aeráidneodracht a bhaint amach. Chun leas a bhaint as acmhainneacht na bhfoinsí in-athnuaite, ní mór don Pholainn feabhas a chur ar a gréasáin inmheánacha le haghaidh tarchur agus dáileadh fuinnimh, chomh maith leis na gréasáin stórála fuinnimh, agus athchóiriú a dhéanamh ar a timpeallacht rialála. Go háirithe, ba cheart don Pholainn bearta a chur chun feidhme chun deireadh a chur le bacainní ar an bpróiseas ceadúcháin d'fhoinsí in-athnuaite fuinnimh. Ba cheart go ndíreodh na bearta sin ar an méid seo a leanas: (i) dlús a chur le foinsí fuinnimh in-athnuaite a áireamh i bpleananna spásúla; (ii) limistéir in-athnuaite a chur ar bun; (iii) rialacha leasaitheacha maidir le ceadanna chun nascadh leis an eangach; agus (iv) gréasáin dáileacháin atá imithe i léig agus neamhéifeachtúil a nuachóiriú. Tá gá le tuilleadh athchóirithe chun an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) a chur ar a chumas don tionscal tairbhe a bhaint as fuinneamh glan trí chonarthaí fadtéarmacha maidir le soláthar agus éileamh cumhachta, amhail comhaontuithe ceannacháin cumhachta; (ii) deireadh a chur le srianta ar phobail fuinnimh; agus (iii) imlonnú fuinnimh in-athnuaite in earnáil an téimh ceantair a chur chun cinn.
- (34) Tháinig laghdú 13 % ar thomhaltas gáis nádúrtha na Polainne sa tréimhse ó Lúnasa 2022 go Márta 2023, i gcomparáid leis an meántomhaltas gáis le linn na tréimhse céanna sna 5 bliana roimhe sin, beagán faoi bhun na sprice laghdaithe 15 %. Moltar don Pholainn feabhas a chur ar iarrachtaí chun an t-éileamh ar ghás a laghdú go sealadach go dtí an 31 Márta 2024²⁴. D'ainneoin roinnt beart atá i bhfeidhm chun an t-éileamh ar fhuinneamh a shrianadh, tá gá le tuilleadh iarrachtaí chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú, go háirithe i gcás foirgnimh chónaithe agus córais téimh ceantair. B'ionann an tomhaltas deiridh fuinnimh sa Pholainn agus 75.2 Mtoe in 2021,

²⁴

Rialachán (AE) 2022/1369 ón gComhairle. Rialachán (AE) 2023/706 ón gComhairle

agus tá sé ag dul i méid le deich mbliana anuas. Déantar freastal ar níos mó ná leath den éileamh ar fhuinneamh i bhfoirgnimh chónaithe le haghaidh téimh faoi láthair le gual, trí úsáid dhíreach nó go hindíreach i dtéamh ceantair. Mar sin féin, tá foirgnimh chónaithe fós neamhéifeachtúil ó thaobh fuinnimh den chuid is mó, rud a chuireann le riachtanais infheistíochta níos airde i gcomparáid le Ballstáit eile. Ina theannta sin, tá gá le hathchóirithe spriocdhírthe agus le dlús a chur le hinfheistíochtaí in earnáil an téimh ceantair chun dlús a chur lena dícharbónú, chun a héifeachtúlacht a mhéadú agus chun a hinmharthanacht fhadtéarmach airgeadais a áirithiú.

- (35) Idir 2005 agus 2021, tá méadú 88.3 % tagtha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ón iompar intíre seachas eitlíocht sa Pholainn, i gcodarsnacht leis an laghdú 7.5 % san Aontas ar an meán. Fiú nuair a chuirtear san áireamh na bearta breise i bplean fuinnimh agus aeráide na Polainne, faoi 2030, meastar go mbeidh astaíochtaí gás ceaptha teasa ón earnáil sin fós 56 % níos airde ná mar a bhí in 2005. Ag tógáil ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí i bplean athléimneachta agus téarnaimh na Polainne, tá gá le tuilleadh iarrachta chun modhanna iompair phoiblí inbhuanaithe a chur chun cinn. Ní mór leictriú an iompair intíre a bheith fite fuaite le dícharbónú an tsoláthair leictreachais chun astaíochtaí earnála a laghdú go héifeachtach.
- (36) Tá bacainní san aistriú chuig geilleagar glan-nialasach á gcruthú ag ganntanais saothair agus scileanna in earnálacha agus i ngairmeacha atá rithábhachtach don aistriú glas, lena n-áirítear monarú, imlonnú agus cothabháil teicneolaíochtaí glan-nialasacha. Chun go laghdófar na ganntanais scileanna agus chun go gcuirfear an cuimsiú sa lucht saothair agus athshannadh an lucht saothair chun cinn, tá sé rithábhachtach córais oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán a bheith ann a fhreagraíonn d'athruithe ar riachtanais an mhargaidh saothair, chomh maith le bearta spriocdhírthe maidir leis an uas-sciliú agus an t-athsciliú. Chun leas a bhaint as soláthar saothair nach bhfuil leas á bhaint as go fóill, ní mór na bearta sin a bheith inrochtana, go háirithe i gcás daoine aonair agus i gcás na n-earnálacha agus na réigiún is mó a ndéanann an t-aistriú glas difear dóibh. Sa Pholainn, i gcomhthéacs an aistrithe ghlais, tá méadú tagtha ar an nganntanas lucht saothair i bpríomhearnálacha le blianta beaga anuas, a bhaineann freisin le heaspa scileanna ábhartha, agus tá siad ag cruthú scrogaill san aistriú chuig geilleagar glan-nialasach. In 2022, tuairiscíodh gur chuir ganntanais lucht saothair srian ar tháirgeacht i dtionscal (63.4 % de chuideachtaí) agus i dtógáil (74.6 % de chuideachtaí).
- (37) I bhfianaise mheasúnú an Choimisiúin, rinne an Chomhairle scrúdú ar an gClár um Chóineasú don bhliain 2023 agus léirítear a tuairim²⁵ i moladh (1) thíos.

AG MOLADH LEIS SEO go ngníomhódh an Pholainn in 2023 agus 2024 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Deireadh a chur leis na bearta tacaíochta fuinnimh atá i bhfeidhm faoi dheireadh 2023 trí úsáid a bhaint as an gcoigilteas gaolmhar chun an t-easnamh rialtais a laghdú. Dá mba ghá bearta tacaíochta i ngeall ar mhéaduithe ar phraghsanna fuinnimh athnuaite, a áirithiú go mbíonn na bearta tacaíochta sin dírithe ar theaghlaigh leochaileacha agus ar ghnólachtaí leochaileacha a chosaint, go bhfuil siad inacmhainne go fíorúil, agus go gcaomhnaíonn siad dreasachtaí le haghaidh coigilt fuinnimh.

²⁵

Faoi Airteagail 5(2) agus 9(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle.

Beartas fioscach stuama a áirithiú, go háirithe trí theorainn nach mó ná 7.8 % a chur leis an méadú ainmniúil ar ghlanchaiteachas príomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta in 2024.

Infheistíocht phoiblí arna maoiniú go náisiúnta a chaomhnú agus a áirithiú go n-ionsúfar deontais RRF agus cistí eile de chuid an Aontais go héifeachtach, go háirithe chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chothú.

Don tréimhse tar éis 2024, leanúint de straitéis fhioscach mheántéarmach a shaothrú maidir le comhdhlúthú inbhuanaithe de réir a chéile, mar aon le hinfheistíochtaí agus athchóirithe atá fabhrach d'fhás inbhuanaithe níos airde, chun staid fhioscach stuama mheántéarmach a bhaint amach.

Éifeachtúlacht an chaiteachais phoiblí a fheabhsú, lena n-áirítear trí dhíriú níos fearr ar shochair shóisialta. Leordhóthanacht na sochar pinsin a bheidh ann amach anseo agus inbhuanaitheacht chóras na bpinsean a áirithiú trí bhearta a dhéanamh chun an aois scoir iarbhir a mhéadú agus na scéimeanna pinsin fabhracha a athchóiriú.

2. Na garspriocanna agus na spriocanna is gá a bhaineann le cosaint leasanna airgeadais an Aontais a chomhlíonadh go práinneach chun gur féidir a plean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme go pras agus go rianúil. Caibidil REPowerEU a thabhairt i gcrích go pras d'fhonn tús a chur go tapa lena chur chun feidhme. Leanúint ar aghaidh le cur chun feidhme tapa chlár an bheartais chomhtháthaithe, agus comhlántacht agus sineirge dhlúth ann leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta.
3. Feabhas a chur ar an timpeallacht infheistíochta trí neamhspleáchas breithiúnach a chosaint.
4. Dlús a chur le deireadh a chur de réir a chéile le breoslaí iontaise agus le húsáid fuinnimh in-athnuaite. Athchóiriú a dhéanamh ar an gcreat dlíthiúil maidir le ceadú nasctha eangaí agus maidir le foinsí fuinnimh in-athnuaite, lena n-áirítear pobail fuinnimh, bithmheatán agus hidrigin in-athnuaite. Bearta a chur chun feidhme chun coigilt fuinnimh a chur chun cinn agus an t-éileamh gáis a laghdú. Infheistíocht in éifeachtúlacht fuinnimh d'fhoirgnimh a mhéadú agus an soláthar teasa i dtéamh ceantair a dhícharbónú chun aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht fuinnimh. Modhanna iompair phoiblí inbhuanaithe a chur chun cinn a thuilleadh. Cur leis na hiarrachtaí beartais atá dírithe ar sholáthar agus ar shealbhú na scileanna atá ag teastáil le haghaidh an aistrithe ghlais, lena n-áirítear le haghaidh athchóiriú foirgneamh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*